ELeathanach287

Dé Luain 5 Márta 2018

Siopaí Bréagán le Dúnadh!

Tá na siopaí bréagán *Toys R Us* an-cháiliúil. Is le comhlacht Meiriceánach iad agus tá siopaí acu i dtíortha eile. Ach cúpla lá ó shin d'fhógair siad go mbeidh siad ag dúnadh na siopaí atá acu sa Bhreatain.

Ach ar an lámh eile tá ag éirí go han-mhaith le siopa bréagán as Éirinn - *Smyths Toys*. Is as Co Mhaigh Eo iad na deartháireacha Smyth agus tá siopaí acu in Éirinn agus sa Bhreatain. Beidh siad ábalta freastal ar pháistí na tíre sin nuair a imeoidh *Toys R Us*.

Oileán Bán na hÉireann

Bhuel, ní gá dúinn insint daoibh go raibh Éire clúdaithe le sneachta an tseachtain seo caite. Tháinig Stoirm Emma! Tháinig an tír go léir chun stad. Dhún na scoileanna agus na haerfoirt. Ní raibh na busanna ná na traenacha in ann bogadh. Ní raibh aon arán fágtha sna siopaí.

Ach bhí an-chuid spóirt againn sa sneachta freisin. Chuaigh idir óg agus aosta amach ag sciáil agus ag scátáil - agus ag tobaganáil fiú! Rinne daoine íoglúnna agus daoine sneachta freisin.

Chuir daoine a lán grianghraf ar an idirlíon. Bhí cuid acu an-ghreannmhar ar fad. Ina measc bhí grianghraf álainn de shin-sheanmháthair as Corcaigh agus í ag tobaganáil. Tá sí 86 bliain d'aois.

Oscars

Bhí na gradaim *Oscars* ar siúl i Meiriceá aréir. Bhí siad ar siúl in Hollywood. Ba é Jimmy Kimmel an láithreoir. Bhí Mary J. Blige ag canadh. Bhuaigh Frances McDormand agus Gary Oldman an duais do na haisteoirí is fearr. Bhí Frances Mc Dormand sa scannán *Three Billboards Outside Ebbing, Missouri* (is scannán do dhaoine fásta é) agus bhí Gary Oldman sa scannán *Darkest Hour*.

Faraor níor bhuaigh Saoirse Ronan aon duais ar an oíche. Bhí Saoirse Ronan sa scannán *Ladybird*. Bhí sí mar phríomhaisteoir sa scannán. Is scannán é faoi chailín óg atá ina cónaí in Sacramento. Teastaíonn uaithi dul chuig an Ollscoil in Nua-Eabhrac. Bhí Saoirse Ronan iontach mar aisteoir sa scannán.



Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

European Language Label